Coimisiún na Meán

# Na Treoirlínte Maidir le hImeachtaí Toghcháin a Chlúdach

Dáta foilsithe:
Meán Fómhair 2025

# Contents

| | | |
|---|---|---|
| 1. | Réamhrá | 3 |
| 2. | Raon agus Dlínse | 3 |
| 3. | Dáta Éifeachtach | 3 |
| 4. | Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht a Bhaint Amach | 4 |
| 4.1 | Freagracht maidir le Cur Chuige Eagarthóireachta | 4 |
| 4.2 | Am Craolta a Leithdháileadh | 5 |
| 4.3 | Éagsúlacht Tuairimí | 6 |
| 4.4 | Rannpháirtíocht Lucht Féachana/Éisteachta | 7 |
| 4.5 | Scrúdú Criticiúil ar na Tuairimí | 7 |
| 5. | Coinbhleachtaí Leasa | 8 |
| 6. | Pobalbhreitheanna | 9 |
| 7. | Na Meáin Shóisialta | 10 |
| 8. | Fógraíocht | 10 |
| 9. | Cláir Páirtithe Polaitíochta | 11 |
| 10. | Tréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn | 12 |
| 10.1 | Ceanglas Cúraim Breise | 12 |
| 10.2 | Tuairimí arna léiriú ag rannpháirtithe cláir | 13 |
| 10.3 | Tuairimíocht ar thoradh vóta le linn uaireanta vótála | 14 |
| 11. | An Coimisiún Toghcháin | 14 |
| 12. | Éagsúlacht | 14 |
| 13. | Gearáin | 15 |
| 14. | Treoir | 15 |

# 1. Réamhrá

Sna Treoirlínte seo déantar[1] treoir agus ceanglais i leith imeachtaí toghcháin a chlúdach, eadhon Toghcháin agus Reifrinn Dháil Éireann, Uachtaránachta, Sheanad Éireann, Áitiúla agus Eorpacha a leagan amach do chraoltóirí.[2] Tá siad sin sa bhreis ar na ceanglais ghinearálta a áirítear sa *Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha.*[3] Forbraíodh na Treoirlínte de thoradh roinn 15.1 den *Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha* agus ba cheart iad a léamh i gcomhar leis an gCód sin.

# 2. Raon agus Dlínse

Beidh feidhm ag na Treoirlínte maidir le craoltóirí laistigh de dhlínse Phoblacht na hÉireann agus ní bheidh feidhm acu maidir le seirbhísí eile a fhaightear de ghnáth sa Stát seo ach a cheadúnaítear i ndlínsí eile. Spreagann Coimisiún na Meán craoltóirí atá lasmuigh den dlínse, a bhfuil a gcuid seirbhísí infhaighte i bPoblacht na hÉireann agus a chlúdaíonn nuacht agus cúrsaí reatha na hÉireann, a bheith aireach ar na Treoirlínte, i gcás inarb iomchuí, agus cinneadh á dhéanamh acu ar a gcur chuige maidir le himeachtaí toghcháin a chlúdach.

Níl feidhm ag na Treoirlínte maidir le hábhar cló, meáin shóisialta, seirbhísí meán closamhairc ar éileamh nó ábhar cló ar líne/ábhar closamhairc.

Ní bheidh feidhm ag na Treoirlínte ach amháin i gcás ábhar craolta ina ndéantar tagairt d'imeacht toghcháin, e.g. ábhar nuachta agus cúrsaí reatha nó ábhar eile, mar shampla clár siamsaíochta lena gclúdaítear an topaic nó fógra ina ndéantar tagairt d'imeacht toghcháin.

# 3. Dáta Éifeachtach

Foilseoidh Coimisiún na Meán an dáta éifeachtach le haghaidh na dTreoirlínte roimh gach imeacht toghcháin atá le reáchtáil. Beidh éifeacht leis na Treoirlínte go dtí go ndúnfaidh na stáisiúin vótaíochta ar lá na vótála.

---

[1] Ar mhaithe le hamhras a sheachaint, ní thagraíonn an téarma 'craoltóir' do láithreoirí aonair nó d'fhoireann cláir ach don chuideachta, don chomharchumann, etc., ar leis nó léi, agus a oibríonn, an tseirbhís craolacháin. Níor chóir glacadh leis uaidh sin go bhfuil láithreoirí aonair nó foireann cláir díolmhaithe óna n-oibleagáidí de réir na dTreoirlínte seo.

[2] Chun críocha na dTreoirlínte, sainmhínítear "Imeachtaí Toghcháin" faoi threoir Alt 67(2) den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

[3] Le Riail 27 den Chód, ceanglaítear ar chraoltóirí cloí le treoirlínte arna bhforbairt ag an rialtóir maidir le clúdach toghchán nó reifreann. Féadfar an Cód a rochtain anseo: - An Cód Cothroime, Oibiachtúlachta agus Neamhchlaontachta i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha.

# 4. Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht a Bhaint Amach

Imríonn craoltóirí ról tábhachtach agus luachmhar sa dóigh a gcuirtear faisnéis faoi imeacht toghcháin in iúl do mhuintir na hÉireann, agus sa dóigh a bpléann muintir na hÉireann an fhaisnéis sin. Baintear é sin amach trí chlúdach atá cruinn, cothrom, oibiachtúil agus neamhchlaonta.

Ar an gcúis sin, moltar do chraoltóirí imeachtaí toghcháin a chlúdach ar bhealach atá chomh cuimsitheach agus is féidir, ag féachaint go cuí do na hacmhainní atá ar fáil dóibh, do spriocphobal na seirbhíse agus do na cineálacha clár a chuireann an craoltóir ar fáil don lucht féachana nó éisteachta.

Ba cheart do chraoltóirí a thabhairt faoi deara gur féidir cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach ar bhealaí éagsúla, mar shampla, trí roghnú na rannpháirtithe, trí raon na díospóireachta, trí struchtúr an chláir, tríd an dóigh a láimhseálann an láithreoir an topaic, trí chomhdhéanamh an lucht féachana/éisteachta atá páirteach sna cláir nó trí bhealaí oiriúnacha eile.

## 4.1 Freagracht maidir le Cur Chuige Eagarthóireachta

Is cuí gur faoi na craoltóirí amháin atá sé cinntí a dhéanamh maidir le himeacht toghcháin a chlúdach.

Ba cheart do chraoltóirí forbairt a dhéanamh ar chórais maidir lena gcur chuige i leith clúdaigh, córais atá oscailte, trédhearcach agus cothrom do gach páirtí leasmhar agus don phobal. Ba cheart breithniú agus forbairt a dhéanamh ar na córais sin ag céim luath agus ba cheart faisnéis faoin gcur chuige atá á ghlacadh a bheith ar fáil do gach páirtí leasmhar, arna iarraidh sin, lena n-áirítear lucht leasa toghcháin nó reifrinn.[4]

Ba cheart do chraoltóirí a thabhairt faoi deara go bhfuil imeachtaí toghcháin dinimiciúil, agus ba cheart dóibh breithniú gníomhach a dhéanamh ar a gcur chuige maidir le clúdach ar feadh thréimhse feachtais an imeachta toghcháin agus an cur chuige sin a leasú má mheasann siad gur riachtanach agus cuí sin ionas go gcinnteofar cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht.

[4] Le **'Lucht leasa toghcháin nó reifrinn'** áirítear, ach níl sé teoranta dóibh, páirtithe polaitíochta, ionadaithe tofa, an Rialtas, eagraíochtaí a bunaíodh go sonrach chun dul i mbun feachtasaíochta le linn toghcháin nó reifrinn, daoine aonair (lena n-áirítear iad sin atá nó a bhí i seilbh oifig phoiblí) atá i mbun feachtasaíochta le haghaidh toradh ar leith ar thoghchán nó reifreann, chomh maith le grúpaí sóisialta agus sochaí sibhialta atá ann cheana agus atá páirteach i bhfeachtas i leith an toghcháin nó an reifrinn.

Leagtar amach go mion sa *Chód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha*, an chaoi ar féidir, agus ar cheart, cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach. Ba cheart do chraoltóirí a chinntiú go bhfuil cur amach ag an bhfoireann go léir ar an gCód sin agus ar na Treoirlínte seo.

## 4.2 Am Craolta a Leithdháileadh

An cur chuige maidir le ham craolta a leithdháileadh, cibé acu atá sé dian nó comhréireach, is ceist í sin do chraoltóirí agus is féidir go n-athróidh sí ag brath, i measc nithe eile, ar an gcineál toghcháin nó reifrinn, ar na hacmhainní atá ar fáil do chraoltóirí, ar a spriocluchta féachana nó éisteachta, ar na cineálacha clár a chuireann an craoltóir ar fáil don spriocluchta féachana nó éisteachta (i.e. cé acu an clúdach ginearálta atá ann, Díospóireachtaí Iarrthóirí nó Ceannairí[5], Cláir Páirtithe Polaitíochta[6] etc).

### Le haghaidh Toghchán

Tá sé ríthábhachtach go leithdháilfí am craolta go cothrom le linn chlúdach toghcháin. Áirítear anseo an méid am craolta a thugtar trí ghnáthchlúdach eagarthóireachta ar thoghchán, "Díospóireachtaí Ceannairí", díospóireachtaí idir ceannairí, nó cláir páirtithe polaitíochta.

Cé nach gcuirtear bac ar leithdháileadh cothrom am craolta d'iarrthóirí agus do pháirtithe polaitíochta agus go bhféadfadh sé sin a bheith iomchuí i gcásanna áirithe, ní ceanglas uathoibríoch, iomlán atá ann agus is féidir cur chuige comhréireach le leithdháileadh am craolta a ghlacadh freisin, i gcás inarb iomchuí.

Sa leithdháileadh am craolta, i gcás ina nglactar cur chuige comhréireach le leithdháileadh den sórt sin, measann Coimisiún na Meán go bhféadfadh aird réasúnach a bheith ag an gcraoltóir ar thosca comhthéacsúla ábhartha. D'fhéadfaí a áireamh ar na tosca sin, mar shampla, ach ní bheidh siad teoranta dóibh: -

- ionadaíocht tofa i láthair na huaire.
- vótaí céadrogha i dtoghchán roimhe seo.
- láithreacht iarrthóirí a d'aontaigh chun feachtasaíocht a dhéanamh ar shaincheisteanna toghcháin ailínithe ach nach bhfuil ina mbaill de pháirtí polaitíochta.[7]
- an líon iarrthóirí atá á rith sa toghchán atá ar na bacáin
- an gá atá le héagsúlacht dearcthaí polaitiúla i measc na n-iarrthóirí/na bpáirtithe atá rannpháirteach sna toghcháin.

---

[5] Is ceist eagarthóireachta do chraoltóirí i gcomhairle leis na páirtithe polaitíochta atá páirteach an cinneadh maidir le cé na ceannairí ar a ndéantar ionadaíocht in aon díospóireacht a chraoltar.

[6] Craoltaí Páirtithe Polaitíochta mar a bhíodh orthu.

[7] Ní toisc ábhartha é sin chun Cláir Páirtithe Polaitíochta (féach roinn 9 thíos) a dheonú.

- an tacaíocht reatha do pháirtithe/d'iarrthóirí is léir ó phobalbhreitheanna nó foinsí sonraí eile.

Tá sé oscailte do chraoltóirí aird a thabhairt ar aon athruithe sna meáin, sa tírdhreach sóisialta agus polaitiúil agus athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a bhféadfadh athruithe chuige sin difear a dhéanamh do thosca comhthéacsúla a chuirfidh siad i bhfeidhm ar thoghchán.

**Le haghaidh Reifreann**

Ní mór an cur chuige a nglactar leis maidir le leasanna reifrinn a chur san áireamh i gclúdach cláir, a bheith cothrom agus cóir do gach leas agus ní mór é a dhéanamh ar bhealach trédhearcach. Mar sin féin, níl aon oibleagáid ann gach ionchur ó leas reifrinn ar chlár aonair a 'chothromú' le tuairim chontrártha ó leas reifrinn eile go huathoibríoch. Ní gá am craolta, atá go hiomlán cothrom, a thabhairt go huathoibríoch do leasanna reifrinn le linn an chlúdaigh ach oiread.

Cé gur tábhachtach a chinntiú go gcuireann an clúdach am craolta ar fáil do lucht leasa reifrinn chun a gcuid tuairimí faoi athruithe beartaithe ar Bhunreacht na hÉireann nó ábhar ábhartha a leagan amach, moltar do chraoltóirí, ó thaobh clúdaigh de, cur chuige a ghlacadh ina leagtar béim ar na saincheisteanna nach mór don phobal cinneadh a dhéanamh orthu in ionad cur chuige a ghlacadh nach bhfuil teoranta ach amháin d'am craolta a leithdháileadh go matamaiticiúil ar dhaoine aonair nó grúpaí ag a bhfuil tuairimí maidir le buanna agus toradh an reifrinn nó na reifreann. Ina ionad sin, is luachmhar atá díriú ar na saincheisteanna sa dóigh is go bhféadfadh sé a bheith níos tairbhiúla don rogha dhaonlathach a dhéanfaidh daoine aonair ná cur chuige maidir le clúdach a bhfuil cineál sáraíochta ag baint leis go bunúsach. Mar aon le ham craolta a thabhairt do leasanna reifrinn, féadfaidh rannpháirtithe eile nach bhfuil aon bhaint acu le leasanna reifrinn an fhaisnéis riachtanach a thabhairt don lucht féachana/éisteachta.

## 4.3 Éagsúlacht Tuairimí

Moltar do chraoltóirí an réimse is leithne tuairimí a bhaineann leis na saincheisteanna ábhartha atá i gcroílár imeachtaí toghcháin a lorg. Dá ainneoin sin, tá dualgas ar chraoltóirí lucht féachana/éisteachta a chosaint ó ábhar atá díobhálach, nó a bhféadfadh rioscaí dlíthiúla nó dliteanais a bheith acu don chraoltóir. Is leis an gcraoltóir na rioscaí sin a bhainistiú ar bhonn cás ar chás, mar shampla trí agallaimh réamhthaifeadta a úsáid nó trí dhiúltú do thuairimí a chraoladh má chreideann siad go mbaineann na rioscaí sin leo. Ach, i gcás ina bhfuil sin á dhéanamh, ba cheart go mbeadh an craoltóir in ann údar oibiachtúil a thabhairt ar an gcur chuige i leith na rioscaí sin a bhainistiú.

**Le haghaidh Toghchán**

Chomh maith le forógraí na bpáirtithe polaitíochta agus seasaimh fheachtais iarrthóirí a fhiosrú, tugtar aghaidh go ginearálta i bhfeachtais toghcháin ar raon saincheisteanna sóisialta, cultúrtha agus polaitíochta. Chuige sin, lena chinntiú ní hamháin go bhfuil eolas ag lucht féachana/éisteachta ar na hiarrthóirí sa toghchán ach freisin ar na saincheisteanna níos leithne a d'fhéadfadh a bheith ag croílár feachtais toghcháin, moltar do chraoltóirí an raon is leithne tuairimí a fháil ar na saincheisteanna sin. Áireofar anseo rannchuidithe ó leasanna toghcháin ach freisin ó dhaoine aonair agus eagraíochtaí eile a d'fhéadfadh a bheith páirteach i bhfeachtas ach a d'fhéadfadh faisnéis agus léargais luachmhara a thabhairt do lucht féachana/éisteachta.

**Le haghaidh Reifreann**

Moltar do chraoltóirí an réimse is leithne tuairimí a lorg maidir leis na saincheisteanna a ardaítear le leasú nó leasuithe bunreachtúla beartaithe nó ábhar ábhartha eile. Mar chuid de sin, áireofar tuairimí ó lucht leasa reifrinn atá i mbun feachtasaíochta ar son nó in éadan ruda, agus ó dhaoine eile ar féidir go mbeidh léargais thábhachtacha acu, gan beann ar cé acu atá nó nach bhfuil rogha vótála shonraithe acu.

## 4.4 Rannpháirtíocht Lucht Féachana/Éisteachta

Maidir le cláir a bhfuil rannpháirtíocht lucht féachana/éisteachta ina cuid díobh, lena n-áirítear ionchur ar an bhfón nó trí theachtaireacht téacs agus díospóireachtaí beo, ba cheart do chraoltóirí a chinntiú go léirítear raoncuí tuairimí sna ceisteanna, sna ráitis agus sna saincheisteanna a ardaítear le linn na gclár sin.

Níor cheart do chraoltóirí glacadh leis go huathoibríoch go bhfuil rannpháirtithe, ag a bhfuil páirt á glacadh i gclár, ach nach ndéanann ionadaíocht do lucht leasa atá nasctha le himeacht toghcháin, neamhchlaonta. Ba cheart do chraoltóirí céimeanna réasúnacha a ghlacadh chun aon chleamhnacht a shainaithint idir rannpháirtithe cláir agus lucht leasa toghcháin nó reifrinn (e.g. ionadaíocht do pháirtí, nó i gcás ina mbaineann gné dhaonna le tuairim atá nasctha go díreach leis an tsaincheist reifrinn) agus an lucht féachana nó éisteachta a chur ar an eolas faoin gcleamhnacht sin tráth an chraolta.

## 4.5 Scrúdú Criticiúil ar na Tuairimí

Maidir leis an scrúdú criticiúil ar na tuairimí atá ag lucht leasa atá nasctha le himeachtaí toghcháin, ní fianaise atá ann féin ar easpa cothroime, oibiachtúlachta agus neamhchlaontachta ós rud é gur ról cuí do chraoltóirí é a chinntiú go dtugtar am chun ráitis agus seasaimh an lucht leasa sin a scrúdú agus a cheistiú (ar bhealach láidir uaireanta, i gcás inar gá).

Mar sin féin, ní sháraítear leis sin an ceanglas chun tuairimí lucht leasa ábhartha a lorg, chun iad a áireamh i gclársceidealú, agus / nó chun a bpeirspictíochtaí a léiriú in ábhar craolta, i gcásanna ina bhfuil sé riachtanach cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a bhaint amach.

Tá ról an láithreora mar 'abhcóide an diabhail' tábhachtach freisin chun dearcthaí malartacha nó dearcthaí dúshlánacha, atá difriúil ó dhearcthaí na rannpháirtithe, a chur i láthair.

# 5. Coinbhleachtaí Leasa

Le *Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha*, ceanglaítear ar gach craoltóir beartais agus nósanna imeachta cuí a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme chun aghaidh a thabhairt ar aon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh a bheith ann nó a d'fhéadfadh teacht aníos i leith duine ar bith ag a bhfuil baint eagarthóireachta le haon ábhar nuachta nó cúrsaí reatha, is cuma cé acu a oibríonn an duine sin ar an aer nó a oibríonn sé/sí den aer.[8] Baineann tábhacht ar leith leis an gceanglas sin i gcomhthéacs imeachtaí toghcháin a chlúdach.

San ábhar a chraoltar, níor cheart claonadh a léiriú i bhfabhar, nó in aghaidh, aon pháirtí leasmhar atá rannpháirteach san imeacht toghcháin, lena n-áirítear páirtithe nó iarrthóirí. Ní cheadaítear do chraoltóir tacaíocht a thabhairt ar an aer do lucht leasa toghcháin nó reifrinn, lena n-áirítear iarrthóirí nó páirtithe. Ina theannta sin, ní cheadaítear don fhoireann (atá fostaithe, ar conradh nó a oibríonn ar bhonn deonach le craoltóir) tacaíocht a thabhairt ar an aer do lucht leasa toghcháin nó reifrinn, lena n-áirítear iarrthóirí.

Ba cheart do chraoltóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh sé go mbainfí an bonn de neamhchlaontacht bhraite a gclúdaigh de dheasca barúlacha arna ndéanamh ag láithreoirí cláir i meáin neamhchraolta, mar shampla trí na meáin shóisialta, i leith lucht leasa toghcháin nó reifrinn, lena n-áirítear iarrthóirí. Is amhlaidh an cás go háirithe i gcás ina ndéanann láithreoirí cláir nuachta agus cúrsaí reatha na ráitis. Is faoi chraoltóirí déileáil leis na saincheisteanna sin ag féachaint ar a gcur chuige maidir le clúdach agus i gcomhthéacs a gcaidrimh chonarthaigh nó fostaíochta nó shaorálaigh le láithreoirí. Dá ainneoin sin, féadfaidh Coimisiún na Meán aird a bheith aige ar thuairimí den sórt sin i gcás inar léir go bhfuil nasc ann le craoladh.

Ba cheart do chraoltóirí a thabhairt faoi deara nach mbeidh tréithe dúchasacha ná cúinsí pearsanta duine aonair, iontu féin, ina gcoinbhleacht leasa, e.g. aois, inscne, stádas pósta, eitneachas, stádas teaghlaigh, claonadh gnéis, creidimh etc.

---

[8] Riail 14.9.

**Le haghaidh Toghchán**

Is é tuairim Choimisiún na Meán é nach bhfuil sé iomchuí go gcuirfeadh iarrthóirí toghcháin cláir i láthair le linn tréimhse thoghcháin imeachta toghcháin (lena n-áirítear cláir nuachta agus cúrsaí reatha). Tuigtear go dtosaíonn an tréimhse feachtais nuair a ghairtear toghchán.

Is féidir go mbeidh cásanna neamhbheartaithe ann ina gcuirfidh iarrthóir toghcháin clár nó cláir i láthair, nó ina mbeidh iarrthóir toghcháin mar chuid de chlár nó cláir, a taifeadadh roimh thoghchán a ghairm agus atá sceidealaithe lena chraoladh nó lena gcraoladh le linn na tréimhse feachtais. In imthosca den sórt sin, cé is moite de chlársceidealú nuachta agus cúrsaí reatha nár cheart a chur i láthair beo ná mar réamhthaifeadadh ó iarrthóir, is faoi na craoltóirí atá sé a chinneadh, de réir an cháis, cé acu is cuí nó nach cuí clár den sórt sin a chraoladh le linn na tréimhse feachtais.

Ar an dóigh sin, iarrtar ar chraoltóirí féachaint do na nithe seo a leanas: -

- leas an phobail,
- a gcuid oibleagáidí reachtúla maidir le cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht,
- an cineál cláir lena mbaineann,
- minicíocht an chraolta le linn na tréimhse ábhartha,
- an riosca go mb'fhéidir go dtabharfar buntáiste míchuí d'iarrthóir i gcoibhneas le daoine eile de dheasca an chraolta sin,
- cé acu is féidir nó nach féidir an clár a athsceidealú lena chraoladh,
- agus i gcomhthéacs an chaidrimh chonarthaigh, fostaíochta nó oibrí dheonaigh idir an duine ábhartha agus an craoltóir.

# 6. Pobalbhreitheanna

Uirlis úsáideach chun eolas a thabhairt don lucht féachana/éisteachta faoi rúin vótála is ea pobalbhreitheanna. I gcás ina bhfuil úsáid á baint as pobalbhreitheanna mar chuid d'imeachtaí toghcháin a chlúdach, ní mór faisnéis a bheith ag gabháil le clúdach chun cúnamh a thabhairt do bhreathnóirí nó éisteoirí tábhacht na pobalbhreithe a thuiscint. Ní mór faisnéis a chur ar fáil ar an aer maidir leis na sonraí faoi dháta na pobalbhreithe, faoin té a choimisiúnaigh í agus/nó a d'íoc aisti, faoin gcuideachta/eagraíocht a rinne í, líon na ndaoine a cuireadh faoi shuirbhé agus cá raibh siad.

Agus iad ag léiriú thorthaí na bpobalbhreitheanna don lucht féachana/éisteachta, moltar do chraoltóirí léirmhíniú na dtorthaí arna gcur ar fáil ag na daoine sin a choimisiúnaigh/a thug faoin bpobalbhreith a chur san áireamh agus aird a thabhairt freisin ar a n-anailís chriticiúil féin ar na torthaí agus an mhodheolaíocht a úsáideadh chun tabhairt faoin bpobalbhreith.

Cé gur dlisteanach féachaint do thuairim an phobail a léirítear i bpobalbhreitheanna, ba cheart do chraoltóirí cuimhneamh air nach bhfágann tuairim an tromlaigh go bhfuil dlisteanacht níos lú ag baint le seasamh freasúrach. Ba cheart féachaint go cuí freisin do bhuanna na n-argóintí a chuirtear i láthair ar gach taobh.

Ní cheadaítear tuairisciú a dhéanamh ar phobalbhreitheanna, ná iad a phlé, le linn uaireanta vótála (Roinn 10.3).

# 7. Na Meáin Shóisialta

Cuirtear i gcuimhne do chraoltóirí go gceanglaítear orthu, i dtaca le *Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha*, beartais chuí agus nósanna imeachta cuí a bheith i bhfeidhm acu maidir le hionchuir ar an aer a fhaightear trí na meáin shóisialta a láimhseáil. Ní mór na beartais agus na cleachtais sin a chur i bhfeidhm i gcás ina ndéantar tagairt do na meáin shóisialta ar an aer i gcomhthéacs imeachtaí toghcháin a chlúdach.

Is foinsí iontaofa ábhair nuachta agus cúrsaí reatha iad craoltóirí. Mar gheall air sin, cuireann siad bac tábhachtach ar scaipeadh na mífhaisnéise agus na bréagaisnéise atá tagtha chun cinn i ndíospóireachtaí polaitiúla agus i gcineálacha eile díospóireachta atá tábhachtach don tsochaí. Ina fhianaise sin agus i bhfianaise tábhacht imeachtaí toghcháin, ba cheart do chraoltóirí céimeanna breise a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh tagairtí a dhéantar ar an aer d'ábhar meán sóisialta cruinn agus nach scaiptear mífhaisnéis ná bréagaisnéis le tagairtí a dhéantar ar an aer don ábhar sin.

Mar gheall ar láithreacht níos mó ábhar fuaime agus físe (lena n-áirítear 'domhainbhrionnú fuaime agus closamhairc') arna ghiniúint ag an intleacht shaorga, ba cheart do chraoltóirí céimeanna a ghlacadh chun na rioscaí sin a bhainistiú agus an fhéidearthacht go rachadh ábhar den sórt sin ar an aer agus lucht féachana/éisteachta a chur ar míthreoir a íoslaghdú.

# 8. Fógraíocht

Déantar foráil in alt 46M(2) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú, nach gcraolfaidh craoltóir fógrán a bheidh dírithe ar 'chuspóir polaitíochta'. Sa chomhthéacs seo, cinnteoidh craoltóirí go mbeidh fógraíocht saor ó ábhar a d'fhéadfaí a mheas go réasúnach mar ábhar atá dírithe 'ar chuspóir polaitíochta' de shárú ar Alt 46M(2). Tá feidhm ag an toirmeasc sin maidir le fógraíocht le haghaidh imeachtaí, fógraí maidir le cruinnithe nó imeachtaí eile atá á n-eagrú ag lucht leasa toghcháin nó reifrinn mar chuid dá bhfeachtas ach ní áirítear leis sin fógraí a chraoltar thar ceann an Choimisiúin Toghcháin agus ag a bhfuil baint le reifreann.

Agus cinneadh á dhéanamh ar cé acu a sháraíonn fógrán an toirmeasc reachtúil nó nach sáraíonn, tá Coimisiún na Meán den tuairim go bhfuil sé réasúnach do chraoltóirí na trí thoisc seo a leanas a chur san áireamh:-

- Ábhar an fhógráin.
- An comhthéacs ina gcraoltar an fógrán.
- Aidhmeanna agus cuspóirí an fhógróra agus an fheachtais fógraíochta.

Is dóchúil go bhféadfadh ceann amháin nó níos mó ná ceann amháin de na trí thoisc ról cinntitheach a imirt i gcinneadh a dhéanamh ar cé acu a chomhlíonann fógrán an toirmeasc reachtúil nó nach gcomhlíonann. Cuireadh treoir ar leith le chéile maidir le fógraíocht ina ndírítear ar 'chuspóir polaitíochta'.[9]

# 9. Cláir Páirtithe Polaitíochta

Ceadaítear cláir páirtithe polaitíochta, ar a dtugtaí craoltaí páirtithe polaitíochta roimhe seo, le linn feachtais imeachtaí toghcháin de thoradh alt 46M(4) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú.

Níl aon oibleagáid ar chraoltóirí cláir páirtithe polaitíochta a tharchur le linn tréimhse feachtais imeachta toghcháin. Ach, craoltóirí a chraolann cláir den sórt sin cinnteoidh siad go ndéanfar iad a sheoladh ag amanna atá dírithe ar dhul i gcion ar lucht féachana/éisteachta comhchosúil le haghaidh na gcraoltaí sin. Caithfear le gach clár páirtithe polaitíochta ar an tslí chéanna, ag an tús agus ag an deireadh. Ní féidir ach le páirtithe polaitíochta atá ar *Chlár na bPáirtithe Polaitíochta* leas a bhaint as cláir den sórt sin.[10]

Chun a chinntiú nach rangaítear clár páirtithe polaitíochta mar fhógrán (rud a thoirmisctear le halt 46M(2) den Acht Craolacháin 2009, arna leasú), ní bheidh feidhm ag íocaíocht ná comaoin chosúil maidir leis na craoltaí sin.

**Le haghaidh Reifreann**

Má chraoltar clár páirtithe polaitíochta mar chuid d'fheachtas reifrinn, leis an am iomlán a leithdháiltear ní mór am craolta cothrom a chur ar fáil do thuairimí atá ina dtaca leis na hathruithe beartaithe, agus dóibh sin atá ina gcoinne. Mura féidir am craolta cothrom a chur ar fáil, níor cheart aon chláir den sórt sin a chraoladh.

[9] Treoirnóta ó Údarás Craolacháin na hÉireann maidir le Fógraíocht atá Dírithe ar Chríoch Pholaitiúil
[10] An Coimisiún Toghcháin – Clár na bPáirtithe Polaitíochta

# 10. Tréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn

Ó mhí Dheireadh Fómhair 2024, baineadh an moratóir ar imeachtaí toghcháin a chlúdach. Tá saoirse ag craoltóirí clúdach ar imeachtaí toghcháin a chur ar fáil (agus srianta teoranta áirithe ann le linn uaireanta vótála), le linn na tréimhse ina raibh feidhm ag an moratóir tráth (2pm roimh an vótaíocht agus suas go dúnadh na stáisiún vótaíochta lá an toghcháin). In ionad an mhoratóra, bhunaigh Coimisiún na Meán "Tréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn". Maireann an tréimhse sin ó 7am an lá sula dtosaíonn an vótaíocht go ndúntar an vótaíocht lá na vótála (ar 10pm de ghnáth).

Le linn na Tréimhse sin, ceanglaítear ar chraoltóirí leibhéal níos airde de chúram eagarthóireachta (an "**ceanglas cúraim bhreise**") a ghlacadh ina gclúdach ar imeacht toghcháin. Is é an réasúnacht don cheanglas nua sin gurb amhlaidh, agus an t-imeacht toghcháin á chlúdach, is féidir tionchar níos mó a bheith ag faisnéis nua (amhail scéala úr ag teacht isteach), a chraoltar le linn na tréimhse sin, ar an bpróiseas toghcháin. Is é is cúis leis sin gur féidir go mbeidh deis níos teoranta ann cothroime, oibiachtúlacht agus neamhchlaontacht a chinntiú le linn na tréimhse láithrí sula dtosaítear an vótaíocht agus le linn uaireanta vótála.

Leis an gceanglas cúraim bhreise, ní chuirtear toirmeasc ar an imeacht toghcháin, ar shaincheisteanna gaolmhara, ar iarrthóirí ná ar fhaisnéis nua (amhail scéala úr ag teacht isteach) a chlúdach, ach, ina ionad sin, leagtar amach roinnt breithnithe ar cheart do chraoltóirí féachaint dóibh, dar le Coimisiún na Meán, le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn. Leagtar amach srianta leis freisin maidir le tuairisciú ar phobalbhreitheanna agus ar phobalbhreitheanna díreach tar éis vótála.

Cuirtear i gcuimhne do chraoltóirí go bhfuil ról ríthábhachtach acu mar bhacainn in aghaidh mífhaisnéise agus bréagaisnéise ar feadh thréimhse an toghcháin nó an reifrinn, go háirithe maidir le hábhar na meán sóisialta a fhíorú agus dul i ngleic le rioscaí ó ábhar a ghintear le IS, mar a leagtar amach thuas faoi Roinn 7.

## 10.1 Ceanglas Cúraim Breise

Le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn: -

- Ba cheart do chraoltóirí déileáil le faisnéis nua le leibhéal níos airde de chúram eagarthóireachta, ar faisnéis í a bhaineann le himeacht toghcháin a chreideann siad, nó ar cheart dóibh a chreidiúint le réasún, gur scaipeadh í le linn na tréimhse sin agus ar cosúil go bhfuil sí beartaithe chun vótálaithe a chur ar míthreoir nó mearbhall a chur orthu nó ina bhféadfadh sé, ar an dóigh chéanna, go gcuirfí vótálaithe ar míthreoir nó go gcuirfí mearbhall orthu de dheasca éagumas an fhaisnéis nua a fhíorú nó tuairisciú a dhéanamh uirthi go cruinn ar mhodh tráthúil.

- Ba cheart do chraoltóirí réamhchúraimí oiriúnacha a chur i bhfeidhm chun a chinntiú go ndéileálfar leis an bhfaisnéis sin agus cúram eagarthóireachta níos airde á ghlacadh. Ar na samplaí de na réamhchúraimí sin, is féidir a áireamh próiseas athbhreithnithe eagarthóireachta cuí a bhunú le haghaidh na tréimhse, acmhainní seiceála fíricí a bheith ar fáil go héasca, nósanna imeachta um scagadh a chur chun feidhme le haghaidh glaonna beo, nó trí ábhar réamhthaifeadta a úsáid. Ba cheart na réamhchúraimí sin a bheith i gcomhréir le méid agus acmhainní an chraoltóra.

- Fágtar lánrogha eagarthóireachta ag craoltóirí chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart, agus conas, déileáil leis an bhfaisnéis sin le linn na tréimhse sin. Sna himthosca sin, féadfaidh craoltóirí cuimhneamh ar an méid seo a leanas a dhéanamh:

    - Gan an fhaisnéis nua a chlúdach in aon chor mura bhfuil siad muiníneach gur féidir leo í a thuairisciú go cothrom, go hoibiachtúil agus go neamhchlaonta.
    - Í a chlúdach go sonrach d’fhonn ceartú a dhéanamh ar mhíthuiscintí a fhéadfaidh eascairt, nó a d’eascair, as an bhfaisnéis nua.
    - An mhír a chlúdach agus seiceáil fíricí agus comhthéacs cuí á n-úsáid.
    - Moill a chur ar chlúdach na míre go dtí gur féidir í a fhíorú go leordhóthanach.

- Má roghnaíonn craoltóirí an fhaisnéis sin a chlúdach, ba cheart dóibh a seacht ndícheall a dhéanamh chun a chinntiú gurb amhlaidh lena gclúdach a laghdaítear an dóchúlacht go gcuirfí mearbhall ar an lucht féachana nó éisteachta, seachas cur leis sin.

Ba cheart do chraoltóirí a bheith ar an eolas gur féidir le faisnéis nua a bheith míthreorach nó mearbhlach, fiú amháin má tá sí fíor de réir na bhfíricí ach gur deacair a tábhacht, a cruinneas nó a comhthéacs a shuí le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn.

Ba cheart do chraoltóirí a thabhairt faoi deara, i gcás faisnéis ar cosúil gur eisíodh í d’aon turas – is é sin, de bhua chineál na faisnéise nó na bhfíricí lena mbaineann an fhaisnéis go bhféadfaí, le réasún, í a eisiúint níos túisce – ionas go rachaidh sí isteach san fhearann poiblí nó go gcuirfear faoi bhráid an chraoltóra í le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn, gur cheart, de ghnáth, déileáil léi mar fhaisnéis atá beartaithe chun mearbhall a chur ar vótálaithe nó chun iad a chur ar míthreoir, nó ar dócha go ndéanfaí amhlaidh léi, agus mar sin ba cheart feidhm a bheith ag an treoir maidir le cúram breise a ghlacadh.

## 10.2 Tuairimí arna léiriú ag rannpháirtithe cláir

Le linn Thréimhse Chriticiúil an Toghcháin agus an Reifrinn, ba cheart do chraoltóirí cúram breise a ghlacadh lena chinntiú nach gcuirfear isteach ar an bpróiseas toghcháin de dheasca tuairimí arna léiriú ag rannpháirtithe cláir trí éileamh bréagach nó míthreorach a dhéanamh maidir le sláine an nóis imeachta toghcháin.

Tagraíonn 'nós imeachta toghcháin', chun críocha na foroinne seo, d'ábhar de chineál fíriciúil a bhaineann le himeacht toghcháin a reáchtáil lena n-áirítear ach gan bheith teoranta do chlárú vótálaithe nó iarrthóirí, amanna agus suíomhanna vótála, socruithe le haghaidh vótáil poist, rúndacht na ballóide, comhaireamh na vótaí agus aon ábhar fíriciúil eile a bhaineann le himeacht toghcháin ar leith, nó imeachtaí toghcháin go ginearálta, a reáchtáil.

## 10.3 Tuairimíocht ar thoradh vóta le linn uaireanta vótála

Le linn uaireanta vótála, níor cheart do chraoltóir aon tuairimíocht a léiriú ina chlúdach maidir le toradh vóta. Áirítear le tuairimíocht chun na críche sin aon tátal a bhaintear as sonraí a eascraíonn as nó atá bainteach leis an mbealach ar chaith vótálaithe aonair a vóta. Féadfaidh craoltóirí breathnuithe fíorasacha a áireamh ina gclúdach le linn uaireanta vótála; mar sin féin, ní fhéadfaidh siad aon tuairimíocht a eascraíonn as na treochtaí sin maidir le feidhmíocht daoine aonair nó páirtithe a áireamh.

Ar mhaithe le bheith soiléir, is sampla de thuairimíocht ar thoradh vóta é pobalbhreith díreach tar éis vótála. Dá bhrí sin, níor cheart do chraoltóir clúdach a chraoladh a bhaineann le pobalbhreith díreach tar éis vótála go dtí go mbeidh deireadh tagtha leis an vótáil lena mbaineann an phobalbhreith agus go dtí go ndúnfar na stáisiúin vótála.

Ina theannta sin, níor cheart do chraoltóir aon tuairisciú ná aon phlé ar phobalbhreitheanna, a bhaineann leis an imeacht toghcháin, a áireamh ina chlúdach nó ina clúdach le linn uaireanta vótála.

# 11. An Coimisiún Toghcháin

I gcás reifrinn, féadfaidh an tAire Cultúir, Cumarsáide agus Spóirt a ordú do RTÉ agus TG4 socrú a dhéanamh chun am craolacháin a leithdháileadh chun an Coimisiún Toghcháin a éascú ina ról.[11] Féadfaidh an tAire a ordú do Choimisiún na Meán freisin leithroinnt an ama craolacháin ar sheirbhísí raidió agus teilifíse arna gceadúnú ag Coimisiún na Meán a chinntiú.[12]

Ní hionann fógráin arna ndéanamh ag an gCoimisiún Reifrinn agus fógraí agus níl siad san áireamh nuair atáthar ag ríomh am craolta fógraíochta ná teorainneacha leis an am craolta sin atá i bhfeidhm maidir le craoltóirí Éireannacha raidió agus teilifíse.

# 12. Éagsúlacht

Tá sé mar chuspóir straitéiseach ag Coimisiún na Meán timpeallacht meán a chothú a thugann léiriú ar éagsúlacht shochaí na hÉireann, agus a thugann rochtain ar an tsochaí sin. Is cuspóir straitéiseach é freisin clársceidealú ar ardchaighdeán a chothú agus a chur chun cinn i nGaeilge.

[11] De thoradh alt 32(2) den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.
[12] De thoradh alt 32(3) den Acht um Athchóiriú Toghcháin, 2022.

Sa chomhthéacs sin, spreagtar craoltóirí chun meascán de ghuthanna agus tuairimí a áireamh ina gclúdach ar imeachtaí toghcháin, lena n-áirítear meascán de ghuthanna a dhéanann ionadaíocht d'éagsúlacht inscne agus chultúrtha agus shóisialta.

Spreagann Coimisiún na Meán na seirbhísí Béarla freisin chun deiseanna breise a chur ar fáil chun imeachtaí toghcháin a chlúdach sa Ghaeilge, rud atá sa bhreis ar a gcuid oibleagáidí conarthacha.

Cé nach n-áirítear oibleagáidí sna Rialacha Rochtana ó thaobh clúdach inrochtana a chur ar fáil maidir leis an nuacht agus le cúrsaí reatha, spreagann Coimisiún na Meán craoltóirí teilifíse chun clúdach inrochtana ar imeachtaí toghcháin a chur ar fáil. Is féidir é sin a dhéanamh trí fhotheidealú, tráchtaireacht fuaime nó Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a sholáthar.

## 13. Gearáin

Be cheart do lucht féachana nó éisteachta agus lucht leasa reifrinn agus toghcháin ar mian leo gearán a dhéanamh maidir le hábhar cláir gearáin den sórt sin a dhéanamh ar an gcéad ásc leis an gcraoltóir. Ina dhiaidh sin, is féidir gearán a dhéanamh le Coimisiún na Meán. Bhunaigh Coimisiún na Meán Ionad Teagmhála chun fiosruithe, lena n-áirítear gearáin, a láimhseáil. Is féidir teagmháil a dhéanamh leis an Ionad Teagmhála ar an nguthán ar + 353 1 963 7755 agus trí ríomhphost ag **usersupport@cnam.ie**.

## 14. Treoir

Is féidir le Coimisiún na Meán treoir bhreise a thabhairt ar chur i bhfeidhm praiticiúil na dTreoirlínte, ach ní dhéanfaidh sé é sin ach amháin nuair a bheidh cóip chraolta bheartaithe ag gabháil le hiarratais den sórt sin de réir na nósanna imeachta dá ndéantar foráil sna Nótaí Treorach a ghabhann leis an g*Cód maidir le Cothroime, Oibiachtúlacht agus Neamhchlaontacht i gCláir Nuachta agus Cúrsaí Reatha*. Ba chóir iarratais a sheoladh ar ríomhphost chuig **election@cnam.ie**.

**TABHAIR FAOI DEARA**
Ní airbheartaíonn na Treoirlínte seo a bheith ina ráiteas cuimsitheach ar an dlí. Coimeádann Coimisiún na Meán an ceart aige féin chun na Treoirlínte seo a leasú má mheasann sé go bhfuil sé riachtanach nó stuama déanamh amhlaidh. Féadfaidh Coimisiún na Meán treoir neamhfhoirmiúil a chur ar fáil, gan dliteanas. Ní rachaidh sé sin i bhfeidhm ar a rogha maidir le cinneadh a dhéanamh ar chásanna/ar ghearáin i ndiaidh a gcraolta ná ar fheidhmiú a dhualgas rialála. Ba cheart do chraoltóirí a gcomhairle dlí féin a lorg maidir le saincheisteanna comhlíonta, nuair is gá.